

## Polasaí maidir le Iompar

Baineann an polasaí seo le scoláirí an choláiste, múinteoirí agus foireann Coláiste Chiaráin.

### Cúis

An chúis leis an bpolasaí ná go mbeadh córas éifeachtach againn lenár spriocanna, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Misean, a chomhlíonadh.

### Aidhmeanna

- Deá-iompar a chothú agus a fhorbairt tré aitheantas a thabhairt do mhic léinn maidir le hiompar, dul chun cinn, agus iarracht go ginearálta.
- Cothrom na féinne a thabhairt do gach duine.
- Sláinte agus sábháilteacht a chinntiú.
- Cearta a chosaint.
- Bulaíocht a sheachaint.

### Ábhar

Tá tagairt agus moltaí maidir leis na rudaí seo a leanas leagtha amach sa pholasaí:

- Deá-iompar a mholadh agus tacaíocht a thabhairt
- Meas ar a chéile a chothú
- Timpeallacht sona sásta a chothú
- Cur i bhfeidhm agus monatóireacht an pholasaí
- Caighdean iompair
- Toradh ar míshástacht i leith iompair
- Cód iompair do scoláirí
- Bulaíocht

### Cur i bhfeidhm

Le go mbainfidh miocléinn taitneamh agus an tairbhe is fearr as a gcuid ama sa Cheathrú Rua, beifear ag súil le:

- Deá-iompar, le ómós, cuirtéis agus meas:
  - Sa choláiste: don phríomhoide agus an fhoireann teagaisc sna ranganna agus ag na himeachtaí uilig
  - Sa lóistín: do bhean a 'tí agus dá comhluadar (nasc leis an bPolasaí Frith Bhulaíochta)
  - Do mhuintir na háite: ar na bóithre, siopaí, teach ósta ...
  - Don teanga, don chultúr, agus traidisiúin na ndaoine
- Féinmheas, macántacht agus gairmiúlacht a bheith soiléar in iompar na macléinn le linn a dtréimhse sa Ghaeltacht
- Freastal agus tinreamh iomlán seasta ar ranganna, imeachtaí agus seisiúin eagraithe eile ó thús go deireadh an chúrsa
- Cosc iomlán ar substaintí mídhleathacha
- An Ghaeilge a labhairt agus a chleachtadh ar gach ócáid sa timpeallacht

Is ar mhaithe le deá-thoil agus le meas ar na micléinn uilig atá an polasaí iompar seo leagtha síos.

Beidh comhairle, cabhair agus tuiscint ar fáil i gcónaí óna stiúrthóirí agus ón bpríomhoide, nuair a theastaíonn sé ó aon mhacléinn. Is ar mhaithe libhse atá muidne ann.

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

Sean de Paor (Stiúrthóir)

Cóilín Ó Domhnaill

Sean de Paor

*23/04/22*

*23/04/22*

## Polasaí Maidir le hÚsáid na Teangan

Baineann an polasaí le: scoláirí an choláiste, múinteoirí agus foireann Coláiste Chiaráin.

### Cúis

Is Coláiste lán Ghaelach í Coláiste Chiaráin.

### Aidhmeanna

- Go bhfeidhmeodh an coláiste trí mheán na Gaeilge.
- Cruinneas agus saibhreas teanga a chothú, le go mbeidh ard chaighdeán Gaeilge sa choláiste.
- Go spreagfaí an teanga Gaeilge, cultúr na Gaeilge agus an cultúr Gaelach sa choláiste agus taobh amuigh den choláiste.
- Meas agus tuiscint don Ghaeilge a chothú i measc scoláirí agus pobal an choláiste uile.

### Ábhar

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga teagaisc an choláiste
- Déanfar gach iarracht an cultúr Gaelach a spreagadh trí cheoil, damhsa, scoraíochtaí, drámaíocht, díospóireacht agus imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha eile.
- Go mbeidh múinteoirí an choláiste inniúil agus toilteanach a ngairm a dhéanamh go héifeachtach trí Ghaeilge.

### Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

Tá sé mar **aidhm** againn meas ar an nGaeilge a chothú agus a chruthú i measc na scoláirí, ionas go gcuirfidh siad aithne ar chultúr agus ar shaol na Gaeltachta go h-iomlán, idir cheol, rince, béaloideas agus gach gné eile a bhaineann le saol an cheantair.

- Tríd ranganna foirmeálta na maidine agus imeachtaí éagsúla na h-iarfóir agus tráthnóna déanfar **líofacht teanga** na miocléinn a leathnú, a shaibhriú agus a neartú.
- Chuige sin beidh **dualgas agus oibleagáid** ar an maicléinn féin an Ghaeilge a labhairt agus a chleachtadh ó thus deireadh an chúrsa. Beifear ag súil go mbeidh sé seo amhlaidh i dtimpeallacht an ionad-choláiste, sa teach lóistín agus i mórthimpeall na háite.
- Tabharfar spreagadh do na scoláirí machnamh a dhéanamh (Stop agus Smaoinigh) faoin meon atá acu i leith an Ghaeilge a úsáid ma tá siad ag streachailt agus molfar an iarracht atá á dhéanamh le córas luaíochta.
- Déanfar **monatóireacht agus measúnú** go leanúnach ar gach maicléinn maidir le labhairt na Gaeilge. Beidh córas céimníoch i gceist sula mbeadh aon ghasúr curtha

abhaile mar gheall ar sáru Riail na Gaeilge ach má leanann scoláire ar aghaidh ag sáru an riail ainneoin gach cúnamh, comhairle agus treoir a bheith faighte d'fhéadfaí go gcuirfí abhaile iad ón chúrsa ar mhaithe le dul chun cinn scoláirí eile. (Féach Cód Iompar)

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

*Cóilín Ó Domhnaill*

*23/04/22*

Sean de Paor (Stiúrthóir)

*Sean de Paor*

*23/04/22*

## **Polasaí Maidir le Sláinte agus Sábháilteacht**

Baineann an polasaí le: An coláiste agus pobal an choláiste. Tá sábháilteacht, sláinte agus leas an mhicléinn fíor thabachtach dúinn i gColáiste Chiaráin.

### **Cúis**

- Ionad oibre agus foghlamtha sábháilte a shólathar
- Cloí le dualgais dhleathúla
- Aird a dhíriú ar shábháilteacht
- Freagrachtaí agus dualgais a chinntiú

### **Aidhmeanna**

- Is mian linn Acht um Shábháilteachta agus Sláinte a chur i bhfeidhm.
- Beidh sé mar aidhm ag an gcoláiste go mbeidh timpeallacht shláintiúil agus shábháilte á shólathar do scoláirí, do fhostaithe agus do chuariteoirí araon.

### **Ábhar**

- ‘Sé aidhm Choláiste Chiaráin Teo a chinntiú i gcás scoláirí/micléinn a bhíonn páirteach in aon cheann de chúrsaí na heagrachta go mbraithfidh siad sábháilte agus caomhnaithe le linn a dtréimhse pháirtíochta ar fad agus cosanta ó aon drochíde, mí-úsáid nó contúirt. Cuirfidh Coláiste Chiaráin Teo an cúram sin i gcrích trí roghnú agus maoirseacht an-chúramach a dhéanamh ar na tithe cónaithe ina gcuirimid na scoláirí, ar na múinteoirí agus ar an bhfoireann eile a fhostaíonn an eagraíocht agus trí féachaint chuige go bhfaigheann na scoláirí leordhóthain aire uathu siúd atá ina bhfeighil.
- Sa bhreis, déanann Coláiste Chiaráin iarracht díograiseach chun atmaisféar a chruthú ina mbíonn gaol oscailte, iontaobhach agus comhoibreach ag na scoláirí leis an eagraíocht agus go háirithe, leo siúd uile san eagraíocht agus lasmuigh di atá freagrach as a gcúram agus a ndul chun cinn.
- Is é polasaí daingean na heagraíochta déileáil go prás agus go hilghabhálach agus go cothrom le haon cheist a thógtar faoi leas aon scoláire. Tá baill fóirne faoi leith san eagraíocht (DIA/LDIA) ar a bhfuil cúram leas na scoláirí a chinntiú agus ar a bhfuil an cúram aon tuairisc nó líomhain faoi aon droch íde ar scoláire a chur in iúl láithreach don Stiúrthóir Pobalchúraim sa Bhord Sláinte áitiúil.

### **Cur i bhfeidhm agus monatóireacht**

- Déanann an fhoireann monatóireacht agus tuairisciú rialta ar chontúirtí.
- Tá próiseas freagrachta ar fáil ionas go ndéanfaidh baill foirne tuairisc i dtaobh contúirtí a thabharfaidís faoi deara i dtimpeallacht an choláiste.

- Tá gach duine ar an bhfoireann freagrach as sábháilteachais sa scoil ach cuirfear an príomhoide agus Údarás an Choláiste ar an eolas faoi gach ní maidir le cúrsaí sábháilteachta san ionad scoile. Freagrachtaí faoi leith ag an bPríomhoide mar an Oifigeach agus Ionadaí Sábháilteachta feidhmiú chun réiteach a fháil ar chontúirt atá tagtha chun solais i rith an chúrsa.
- Cuirtear an Chód Smachta agus an Pholasaí Bulaíochta i bhfeidhm i gcónaí. Tugtar aird láithreach ar aon eachtra.
- Glantar an scoil chuile lá. Glantar na leithrisí gach lá. Tá triomadóirí lámha sa scoil.
- Tá fáil ar bhosca céad chabhair sa seomra foirne san ionad.
- Tá gach oide ar an eolais faoi na céimeanna cuí ba chóir a ghlacadh má tharlaíonn timpiste.
- Beidh liosta do na mac-léinn agus uimhreacha teagmhála baile ag an oifig agus ag an bpríomhoide.
- Beidh liostaí crochta maidir le h-uimhreacha éigeandála agus dochtúra.
- Cuirtear na tuistí ar an eolas láithreach faoi thimpistí trom-chúiseacha.
- Cuirtear na tuistí ar an eolas má tá mic léinn tinn nó más gá freastal ar an oispidéal.
- Beidh maor tárrthála ar dualgas ar an trá.

### **Ráiteas Sábháilteachta/Measúnú Riosca**

- Leagann an Ráiteas amach polasaí slándála, sa gcaoi is go mbeidh timpeallacht shláintiúil agus sábháilte á sholáthar do fhostaithe agus do scoláirí an choláiste.
- Tá an ráiteas seo ar fáil dár bhfostaithe, do lucht sholáthar seirbhísí seachtracha agus do chigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas seo go rialta agus tabharfar suas chun dáta é de réir mar is gá.
- Éilíonn an polasaí seo comhoibriú ó gach ball foirne. Geallaimid chomh fada is féidir go praiticiúil, go leanfaimid reachtaíocht thagarthach uile, ó thaobh na sláinte agus na sábháilteachta de, sna gnéithe seo a leanas:
  - Ionad oibre shábháilte a sholáthar
  - Slite iontrála agus éalaithe sábháilte.
  - Soláthar treallamh cosanta phearsanta cuí.
  - Treallamh sábháilte agus áiseanna cosanta le cothabháil go rialta.
  - Cleachtadh agus athchleachtadh, mar is cuí ar chéimeanna chun plé le héigeandáil m.sh. druil thine rialta.
  - Ní fhágfar scoláire gan mairseacht i dtimpeallacht míshábháilte sa choláiste.

De réir Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Oibre 1989, tá sé de dhualgas ar gach ball foirne:

- Aire reasúnach a thabhairt dá shábháilteacht, sláinte, dá leas féin agus do leas daoine eile le linn a dtréimhse oibre.
- Úsáid chuí a bhaint as gach innealra, úirlis, substaint agus srl.

- Úsáid chuí a bhaint as treallamh cosanta pearsanta.
- Cuirfear liosta contúirtí aitheanta le chéile agus léireofar na céimeanna a thógfar chun iad a leigheas. Ní féidir gach ceann de na contúirtí a leigheas, ach iad siúd gur féidir, déanfar é chomh luath agus is féidir, mar atá leagtha síos sa ráiteas. Liostáilfear go soiléir iad siúd nách bhfuil aon leigheas orthu, agus leagfar síos polasaí agus céimeanna chun an baol a bhaineann leo a mhaolú a oiread agus is féidir. Déanfar cinnte go bhfaighidh agus go síneoidh gach ball foirne an ráiteas seo.

### Polasaí Sláinte

- Moltar do scoláirí meas a bheith acu orthu féin.
- Moltar do scoláirí timpeallacht shláintiúil a chothú sa choláiste.eg. seomraí/leithris a choinneáil glan, gan bia a chaitheamh timpeall.
- Más rud é go bhfuil scoláire ag tógáil leighis, moltar go mbeadh na múinteoirí ar an eolas faoi. (Foirm Tinneas agus Alleirgé le líonadh roimh ré) Níl cead ag aon mhúinteoir cógas a thabhairt d'aon scoláire faoi 18 mbliana d'aois.
- Má tharlaíonn timpiste do scoláire, cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas láithreach nó déanfar socrú cuí. Líonfaidh an múinteoir a bhí i láthair foirm - tuairisc ar thimpiste - chomh luath agus is féidir, agus gheobhaidh sé/sí eolas ó fhínné eile a bhí i láthair.
- Cuirfear údaráis agus múinteoirí an choláiste ar an eolas faoi más rud é go bhfuil aon fhadhbanna sláinte m.sh. epilepsy, diaibéiteas. Ba chóir go mbeadh eolas ar fáil do mhúinteoirí, de bhreiteachtaí atá ar scoláire cláraithe conas cabhrú leis an scoláire sin.
- I gcás scoláire le ailléirgí(allergies), ba chóir don tuismitheoir eolas cuí ina thaobh a chur ar fáil d'údaráis agus do mhúinteoirí an choláiste.
- Moltar go bhfostófar múinteoir amháin ar an bhfoireann, más féidir, go bhfuil cúrsa céadchabhrach déanta acu.

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

Sean de Paor (Stiúrthóir)

*Cóilín Ó Domhnaill*

*Sean de Paor*

*23/04/22*

*23/04/22*

## **Polasaí maidir le Mí Úsáid Alcól agus Substaintí**

Baineann an polasaí le: Pobal an choláiste

### **Cúis**

Chun sláinte agus sábháilteacht a chinntiú do ghach éinne.

### **Aidhmeanna**

- Sláinte agus sábháilteacht a chinntiú.
- Oiliúint a thabhairt ar na contúirtí a bhaineann le hábhair mhídhleathacha agus dainséaracha.
- Freagracht a chothú i measc scoláirí.

### **Ábhar**

- Ní cheadaítear do scoláirí faoi 18 mbliana alcól, drugaí ná aon substaint mídhleathach eile a úsáid sa choláiste ná sa teach lóistín ná in aon áit eile sa cheantar le linn an chúrsa.
  - Ní cheadaítear do scoláirí faoi 18 mbliana alcól a cheannacht le n'úsáid sa choláiste ná sa teach lóistín ná in aon áit eile sa cheantar le linn an chúrsa
  - Ní cheadaítear do scoláirí faoi 18 mbliana drugaí ná aon substaint mídhleathach eile a cheannacht le n'úsáid sa choláiste ná sa teach lóistín ná in aon áit eile sa cheantar le linn an chúrsa
  - Ní cheadaítear do scoláirí brú a chuir ar aon duine eile alcól, drugaí ná aon substaint mídhleathach eile a cheannacht nó a úsáid sa choláiste ná sa teach lóistín ná in aon áit eile sa cheantar le linn an chúrsa
  - Níl cead ag scoláirí dul isteach in aon teach tabhairne nó siopa eisceadúnais sa cheantar i rith an chúrsa.
  - Caithfear alcól sa teach lóistín a bheith faoi ghlas.

### **Cur i bhfeidhm**

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag an bpríomhoide, múinteoirí, scoláirí agus sna tithe lóistín.

Ar mhaithe le cosaint gach duine i bpobal an choláiste, i gcás go sáraítear an riail i leith ábhair mhídhleathacha agus dainséaracha, pléfar leis mar seo a leanas:

- Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas chomh luath agus is féidir.
- Bainfear an t-ábhar mhídhleathach nó dainséarach den scoláire agus ní thabharfar ar ais é.
- Is féidir na húdaráis chuí a chur ar an eolas.
- Féachfar ar sárú an riail seo mar ghníomh tromchúiseach agus deiléailfear leis faoi Chód Iompair an choláiste.

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

Cóilín Ó Domhnaill

*23/04/22*

Sean de Paor (Stiúrthóir)

Sean de Paor

*23/04/22*

## **Polasaí maidir le Gearáin**

Baineann an polasaí seo le scoláirí an choláiste, múinteoirí, foireann agus pobal iomlán an choláiste.

### **Cúis**

Sé uaillmhian Choláiste Chiaráin Teo a chinntiú i gcás scoláirí/micléinn a bhíonn páirteach in aon cheann de chúrsaí na heagraíochta go mbraithfidh siad sábháilte agus caomhnaithe le linn a dtréimhse pháirtíochta ar fad agus cosanta ó aon drochíde, mí-úsáid agus contúirt. Ach dá dtarlódh gearán, ar chúis ar bith, déileáilfear leis go scafánta chun réiteach sásúil a fháil ar mhaithe le gach duine.

### **Aidhm**

Is é polasaí daingean na heagraíochta déileáil go prás agus go hilghabhálach agus go cothrom le haon cheist a thógtar faoi leas aon scoláire.

### **Cur Chuige**

- Sa bhreis, déanann Coláiste Chiaráin iarracht díograiseach chun atmaisféar a chruthú ina mbíonn gaol oscailte, iontaobhach agus comhoibreach ag na scoláirí leis an eagraíocht agus go háirithe, leo siúd uile san eagraíocht agus lasmuigh di atá freagrach as a gcúram agus a ndul chun cinn.
- Cuirfidh Coláiste Chiaráin Teo an cúram sin i gcrích trí roghnú agus maoirseacht an-chúramach a dhéanamh ar na tithe cónaithe ina gcuirimid na scoláirí, ar na múinteoirí agus ar an bhfoireann eile a fhostaíonn an eagraíocht agus trí féachaint chuige go bhfaigheann na scoláirí leordhóthain aire uathu siúd atá ina bhfeighil.
- Ainmnítear baill fóirne faoi leith san eagraíocht ar gach cúrsa ar a bhfuil cúram leas na scoláirí a chinntiú agus ar a bhfuil an cúram aon tuairisc nó líomhain faoi aon droch íde ar scoláire nó gearán atá ag scoláire a chur in iúl láithreach do na hudaí cuí.
- Má tá cúis gearáin ag aon mhacléinn, tá próiseis leagtha síos sa choláiste le déileáil lena leithid.
  - Gearán faoin bpríomhoide: cuirfear an gearán ós comhair an PO ar dtús (Bainisteoir Chúrsaí á dhéanamh seo) agus déanfar iarracht réiteach a fháil ar bhonn neamhfhoirmiúil. Muna féidir é sin a dhéanamh, rachaidh an cás ós comhair na Stiúrthóirí chun pléigh níos doimhne a dhéanamh agus réiteach a fháil. Ba chóir taifead nó nótaí a choinneáil ar aon chumarsáid a dhéantar i rith an próiseis seo. (Is le Bainisteoir Chúrsaí an freagracht seo)
  - Gearán faoi mhúinteora: más ós cionn 18 atá an gearánach ba chóir go ndéanfaí iarracht an fhadhb a réiteach eatarthu ar dtús. Ach muna féidir, tabharfaidh an PO éisteacht don dá thaobh agus déanfaidh sé/sí iarracht teacht ar réiteach sásúil. Ba chóir don Bainisteoir Chúrsaí taifead a choinneáil ar aon chruinniú sa phróiseis seo. Muna féidir leis an PO teacht ar réiteach sásúil, rachaidh an cás ós comhair na Stiúrthóirí.

- Gearán faoi aon fhostaí eile: ba chóir don gearánach labhairt leis an bPríomhoide. Muna féidir an scéal a réiteach chun sásmhachta an macléinn, rachaidh sé ós comhair na Stiúrthóirí.
- Má tá gearán ag tuismitheoir faoi aon fhostaí nó múinteoir, pléifidh an PO leis an fhostai/múinteoir go ndéanfar iarracht an fhadhb a réiteach. Leagfar amach céimeanna cuí atá sásúil do chaon pháirtí ag dul ar aghaidh. Muna féidir teacht ar réiteach na fadbhe rachaidh an cás os comhair na Stiúrthóirí

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

Cóilín Ó Domhnaill

*23/04/22*

Sean de Paor (Stiúrthóir)

Sean de Paor

*23/04/22*

## **Polasáí maidir le Teagmhas Criticiúil nó Géarchéimeanna**

### **Géarchéim**

Eachtra nó sraith imeachtaí a sháraíonn cumas an choláiste feidhmiú go héifeachtach. San áireamh anseo tá:

- Bás duine de phobal an choláiste de bharr timpist, bás tobann, galar báis, nó féinmharú.
- Timpist ina ngortaítear daoine go holc.
- Éigniú.
- Ionsaí fisiciúil ar scoláire nó ar mhúinteoir.
- Mí-usáid drugaí nó alcól
- Damáiste do fhoirgneamh an choláiste msh. tine, tuile
- Eile

### **Cúis**

- Ionas go mbeadh foireann an choláiste ábalta déileáil go hoiriúnach, tapaidh agus éifeachtúil le géarchéim.
- Chun go laghdófaí tionchar na heachtra ar bhailt foirne agus ar scoláirí.
- Mar go gcuidíonn sé le h-atmaisféar cabhrach, dearfach a chruthú sa choláiste.

### **Aidhmeanna**

- Tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bheadh faoi thionchar na géarchéime.
- Eolas a chur ar fáil do phobal an choláiste i gcás go dtarlódh géarchéim.
- Am a thabhairt do scoláirí an ghéarchéim a phlé agus cabhrú leo deileáil leis.
- Structúir tréadchúraim a laidriú sa choláiste agus athbhreithniú a dhéanamh orthu nuair is gá.
- Greasáin thacaíochta a bheith ar fáil go práinneach

### **Ábhar**

- Foireann Bhainistiú Géarchéime a bheith sa choláiste.
- Roghnóidh an príomhoide an Fhoireann Bainistiú agus beidh an PO mar cheannaire ar an ngrúpa seo. (Stiúrthóirí/LPO ar an bhFoireann Bainistiú Géarchéime chomh maith)
- Bheadh freagracht ar dhuine don fhoireann, go hiondúil an PO, deileáil leis na meáin, mar an t-aon urlabhraí oifigiúil.

- Chomh fada agus is féidir chuirfí liosta de shaineolaithe san réimsí géarchéime thuasluaite i dtoll a chéile agus ghlaofaí orthu in am an ghátair chun comhairle a chur ar an bhfoireann ghéarchéime maidir leis an tslí is fearr deileáil le toradh na géarchéime.

### **Cur i bhfeidhm**

- Is faoin bhfoireann bainistiú géarchéime a bheadh sé pleán a leagan amach don bhealach is fearr chun deileáil le tionchar na géarchéime faoi leith a tharlaíonn.
- Cuirfidh an príomhoide agus baill eile an fhoireann bainistiú na páirtithe cuí ar an eolas.

Cóilín Ó Domhnaill (Stiúrthóir)

*Cóilín Ó Domhnaill*

*23/04/22*

Sean de Paor (Stiúrthóir)

*Sean de Paor*

*23/04/22*